

Costas an Tuaiscirt

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin méid airgid a chosnaíonn sé an tsíocháin a choinneáil sa Tuaisceart. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- it came to light
- nationalist area and loyalist area
- on a permanent basis
- controversial marches
- negotiations
- Good Friday Agreement
- in spite of the fact that

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Agus, cad faoi na dreamanna seo anois? An bhfuil na leaganacha Gaeilge agat?

- Nationalist(s)
- Loyalist(s)
- The Orange Order

Ceist 2

Féach ar an mír den dara huair. Cén chanúint atá ag Áine Ní Ghallchóir agus ag Niall Ó Donnghaile? An féidir leat na leaganacha a d'úsáid siadsan sa mhír a mheaitseáil leis na leaganacha eile thíos?

Leaganacha Áine Ní Ghallchóir agus Néill Uí Dhonnghaile	Leaganacha eile
1. dosaein	a. gach (aon)
2. fríd	b. an-
3. achan	c. seo caite
4. seo a chuaigh thart	d. an tslí
5. iontach	e. dosaenacha
6. cearr	f. tríd
7. go fóill	g. mícheart
8. an dóigh	h. fós

1	2	3	4	5	6	7	8

Cén leagan atá agat féin?

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo: na dosaenacha, 18.5 milliún, 24,000 agus 60 milliún?
2. Déan cur síos ar champa Twaddell.

3. Cad a bhí le rá ag Niall Ó Donnghaile?
4. Cén t-eolas a thugtar dúinn sa tuairisc faoi na ballaí ar fad sa Tuaisceart?

Ceist 4 ‘...trioblóid mhór...’

- a. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **mór**?
- b. An bhfuil na focail thíos firinsneach nó baininsneach? Cuir an fhoirm cheart den aidiacht atá idir lúibíní sna bearnaí. Tá an chéad cheann déanta duit.

- bean (beag) *bean bheag*
- teach (galánta) _____
- bileog (bán) _____
- carr (mór) _____
- ríomhaire (briste) _____
- filíocht (sofaisticiúil) _____
- mála (costasach) _____
- leabharlann (gnóthach) _____
- cailín (Francach) _____
- bróg (dubh) _____

Ceist 5 ‘...go gcaitear...’

Cuir na samplaí den bhriathar saor sna boscaí cearta. Bhí cuid acu le cloisteáil sa mhír.

d’íosfaí, dúnadh, bunaítear, d’fhoghlaimfeofaí, luafar, ceadaíodh, cheiliúrtaí, déantar, cuireadh, tuairiscítear, síníodh, d’ólaí, íosfar, cuirfear, mholfaí, insíodh, léití, gortaíodh, caitear

Aimsir chaite	Aimsir ghnáthchaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach

Baintear úsáid as **ní / an / go** sna haimsirí ar fad ach amháin san aimsir chaite:

Ní léití mórán leabhar faoin tuath in Éirinn fadó.

Dúirt sé liom **go** n-íosfar feoil anocht.

An bhfoghlaimfeofar é?

An féidir leat féin agus an duine in aice leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi na réimíreanna a úsáidtear san aimsir chaite?

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Dá mbeadh ort cur síos a dhéanamh ar staid an Tuaiscirt faoi láthair, cad a déarfá?

VIFAX 24 Samhain 2015
Ardleibhéal

2. An bhfuil sé de cheart ag an Ord Oráisteach a bheith ag máirseáil i gceantair náisiúnacha, dar leat?
3. Ar cheart na ballaí sa Tuaisceart, a scar an dá phobal óna chéile, a choimeád de bhrí gur díol spéise do thurasóirí iad?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- it came to light – *tháinig sé chun solais*
- nationalist area and loyalist area – *ceantar náisiúnach agus ceantar dílseach*
- on a permanent basis – *ar bhonn seasta*
- controversial marches – *mórshíúlóidí conspóideacha*
- negotiations – *idirbheartaíocht*
- Good Friday Agreement – *Comhaontú Aoine an Chéasta*
- in spite of the fact that – *in ainneoin go*

- Nationalist(s) – *Náisiúnaí / Náisiúnaithe*
- Loyalist(s) – *Dílseoir / Dílseoirí*
- The Orange Order – *An tOrd Oráisteach*

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
e	f	a	c	b	g	h	d

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- a. Tá an focal *trioblóid* baininsneach agus dá bhrí sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.
- b. Tá idir fhocail bhaininsneacha agus fhocail fhirinsneacha sa liosta:

bean bheag
teach galánta
bileog bhán
carr mór
ríomhaire briste
filíocht shofaisticiúil
mála costasach
leabharlann ghnóthach
cailín Francach
bróg dhubh

Ceist 5

Aimsir chaite	Aimsir ghnáthchaite	Aimsir láithreach	Aimsir fháistineach	Modh coinníollach
dúnadh ceadaíodh cuireadh síníodh insíodh gortaíodh	cheiliúrtaí d'óltaí léití	bunaítear déantar tuairiscítear caitear	luafar íosfar cuirfeair	d'íosfaí d'fhoghlaimfeofaí mholfaí

Níor / ar / gur*: *(Úsáidtear 'ní', 'an' agus 'go' le cuid de na briathra neamhrialta san aimsir chaite.)

Níor dúnadh an doras.

Ar insíodh an scéal dó?

Dúradh **gur** cuireadh amach é.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Deir Sinn Féin go gcaitear an iomarca airgid go fóill ar an dá phobal sa Tuaisceart a choinneáil scartha óna chéile. Tháinig sé chun solais inniu go bhfuil beagnach fiche milliún punt caite ag na póilíní le dhá bhliain ar chúrsaí slándála ag campa agóide de chuid an Oird Oráistigh i mBéal Feirste.

Áine Ní Ghallchóir

Bhí trioblóid mhór i dTuaisceart Bhéal Feirste dhá bhliain ó shin nuair nár ceadaíodh don Ord Oráisteach filleadh fríd¹ cheantar náisiúnach Ardoyne ar an dara lá déag d'Íuil. Gortaíodh na dosaein² póilíní. Mar chomhartha agóide tá campa lonnaithe ag an Ord ar bhonn seasta ag an chrosbhealach idir ceantar náisiúnach Ardoyne agus ceantar dílseach Woodvale. Dhearbhaigh na póilíní inniu go bhfuil an bille chun póilíneacht a dhéanamh ar champa Twaddell 18.5 milliún punt anois, sin beagnach costas de 24 míle punt achan³ lá. Ach ag an am céanna, mar chuid den achtú⁴ polaitiúil an tseachtain seo a chuaigh thart, tá 60 milliún punt curtha ar leataobh leis na ballaí síochána a scar an pobal anseo a bhaint anuas.

An Comhairleoir, Niall Ó Donnghaile

Tá sé iontach, iontach soiléir go bhfuil rud éigin cearr anseo nuair atá fadhbanna le Twaddell agus fadhbanna le mórshíúlóidí conspóideacha ag dul ar aghaidh go fóill. Sílim go léiríonn na staitisticí is déanaí inniu go bhfuil fadhb ollmhór againn⁵ le réiteach go fóill. Sílim go bhfuil...an dóigh is fearr chun sin a dhéanamh ná idirghníomh, idirbheartaíocht dhíreach a dhéanamh idir lucht siúlta, cineál leithéidí an Oird Oráistigh seo agus, dar ndóigh, na daoine atá ina gcónaí sna ceantracha⁶ seo. So, léiríonn sé go bhfuil jab le déanamh, tá jab iontach tábhachtach os ár gcomhair, go háirithe le linn an chineáil aimsir eacnamaíochta atá amuigh ansin, go bhfuil daoine ag fulaingt.

Áine Ní Ghallchóir

In ainneoin go bhfuil na ballaí síochána le baint anuas taobh istigh de dhá bhliain, mhéadaigh líon na mballaí i mBéal Feirste, i nDoire agus i bPort an Dúnáin ó síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta agus go leor pobal den bharúil nach bhfuil an t-am tagtha go fóill le hiad a bhaint anuas in go leor ceantracha.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.

¹ *trí* an leagan caighdeánach

² *dosaenacha* an leagan caighdeánach

³ *gach aon* an leagan caighdeánach

⁴ *den t-achtú* a deirtear

⁵ *orainn* a deirtear

⁶ *ceantair* an leagan caighdeánach